2026/2343

21.10.2026

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/2343 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Iúil 2026

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 maidir leis na tairseacha imréitigh agus na sásraí lena spreagtar a n-athbhreithniú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ([1]), agus go háirithe Airteagal 4a(4) agus Airteagal 10(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cé go bhfuil contrapháirtithe airgeadais faoi réir na dtairseach is infheidhme maidir le suíomhanna neamh-imréitithe i ndíorthaigh thar an gcuntar ('tairseacha neamh-imréitithe'), chun cumhdach stuama contrapháirtithe airgeadais atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, is gá na tairseacha imréitigh is infheidhme maidir le suíomhanna comhiomlána i ndíorthaigh thar an gcuntar ('tairseacha comhiomlána') a bhfuil na contrapháirtithe sin faoina réir freisin a leagan amach. Ós rud é gurb é is cuspóir dóibh contrapháirtithe airgeadais a bhfuil punanna imréitithe móra acu agus iad fós faoi bhun na dtairseach neamh-imréitithe a eisiamh ó raon feidhme na hoibleagáide imréitigh, níor cheart feidhm a bheith ag na tairseacha comhiomlána sin ach amháin maidir leis na haicmí sócmhainní atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh sin, is é sin díorthaigh ráta úis thar an gcuntar agus díorthaigh chreidmheasa thar an gcuntar. D'áiritheofaí leis sin go mbeadh raon feidhme iomchuí contrapháirtithe airgeadais faoi réir na hoibleagáide imréitigh go héifeachtach.

(2) Leis na hathruithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2024/2987 ó Phairlimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) ar an modheolaíocht ríofa dá dtagraítear in Airteagal 4a(3) agus Airteagal 10(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ceanglaítear calabrú a dhéanamh ar na tairseacha neamh-imréitithe a bhfuil feidhm acu maidir leis na suíomhanna atá i seilbh contrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais araon. Ba cheart na tairseacha sin a chalabrú ar leithligh do dhíorthaigh rátaí úis, creidmheasa, cothromais, malairte eachtraí, tráchtearraí agus lamháltas astaíochtaí chun cumhdach stuama contrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh a áirithiú. Thairis sin, ba cheart a gcalabrú a bheith bunaithe ar ghnéithe amhail ábharthacht shistéamach shuim na nglansuíomhanna, agus suim ghlan-neamhchosaintí na gcontrapháirtithe sin.

(3) D'aithin ÚEUM an difríocht idir an mhodheolaíocht nua (ar ar bunaíodh na hionsamhlúcháin) a tugadh isteach trí leasuithe ar Airteagal 10(3) faoi Rialachán (AE) 2024/2987 nach mbreithnítear inti ach suíomhanna díorthach thar an gcuntar neamh-imréitithe agus an mhodheolaíocht roimhe sin lenar breathnaíodh ar shuíomhanna díorthach thar an gcuntar imréitithe agus neamh-imréitithe araon. Maidir le leibhéal iarbhír na dtairseach neamh-imréitithe, in éagmais tairseacha roimhe sin, mheas ÚEUM gur cheart líon reatha na gcontrapháirtithe agus an líon barúlach a gabhadh a úsáid mar threoraíocht chun na tairseacha neamh-imréitithe a chalabrú. Ar an mbonn sin, tá ionsamhlúcháin déanta ag ÚEUM, le haghaidh gach ceann de na cúig aicme sócmhainní ábhartha, lena léirítear conas a d'athródh cumhdach na hoibleagáide imréitigh ag brath ar leibhéal na tairsí a roghnaítear. Is iomchuí na tairseacha neamh-imréitithe a shocrú ar bhonn na dtorthaí sin.

([1]) IO L 201, 27.7.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/648/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2024/2987 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 575/2013 agus (AE) 2017/1131 a mhéid a bhaineann le bearta chun neamhchosaintí iomarcacha ar chontrapháirtithe lárnacha tríú tír a mhaolú agus chun éifeachtúlacht mhargaí imréitigh an Aontais a fheabhsú (IO L, 2024/2987, 4.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2987/oj).

(4) Chun a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú tráthúil ar na tairseacha imréitigh, agus leibhéal leordhóthanach solúbthachta á chaomhnú agus an t-ualach riaracháin á theorannú ag an am céanna, ba cheart a áireamh ar na sásraí lena spreagtar an t-athbhreithniú ar luachanna na dtairseach imréitigh dá dtagraítear in Airteagal 10(4), pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, faireachán, ar bhonn leanúnach, ar tháscairí a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sa mhargadh i bhfeidhmiú na gcúraimí a thugtar do ÚEUM faoi Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 ón gCoimisiún ([4]) a leasú dá réir sin.

(6) Is ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir ÚEUM faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh atá an Rialachán seo bunaithe.

(7) Tá comhairliúcháin phoiblí oscailte déanta ag ÚEUM maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, tá anailís déanta aige ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

'*Airteagal 11*

(Airteagal 4a(4) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012)

Tairseacha imréitigh do shuíomhanna comhiomlána

Is iad seo a leanas luachanna na dtairseach imréitigh is infheidhme maidir le suíomhanna comhiomlána chun críche na hoibleagáide imréitigh:

(a) EUR 1 bhilliún in oll-luach barúlach le haghaidh conarthaí díorthach creidmheasa thar an gcuntar;

(b) EUR 3 bhilliún in oll-luach barúlach le haghaidh conarthaí díorthach ráta úis thar an gcuntar.';

(2) cuirtear na hAirteagail 11a agus 11b seo a leanas i gCaibidil VII:

'*Airteagal 11a*

(Airteagal 10(4), pointe ()b, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012)

Tairseacha imréitigh do shuíomhanna neamh-imréitithe

Is iad seo a leanas luachanna na dtairseach imréitigh is infheidhme maidir le suíomhanna neamh-imréitithe chun críche na hoibleagáide imréitigh:

(a) EUR 0,8 billiún in oll-luach barúlach le haghaidh conarthaí díorthach creidmheasa neamh-imréitithe thar an gcuntar;

(b) EUR 0,7 billiún in oll-luach barúlach le haghaidh conarthaí díorthach cothromais neamh-imréitithe thar an gcuntar;

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

([4]) Rialachán tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála ar shocruithe imréitigh indírigh, an oibleagáid imréitigh, an clár poiblí, rochtain ar ionad trádála, contrapháirtithe neamhairgeadais, agus teicnící maolaithe riosca le haghaidh conarthaí díorthach OTC nach bhfuil imréitithe ag contrapháirtí lárnach (IO L 52, 23.2.2013, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2013/149/oj).

(c) EUR 2,2 billiún in oll-luach barúlach le haghaidh conarthaí díorthach ráta úis neamh-imréitithe thar an gcuntar;

(d) EUR 3 bhilliún in oll-luach barúlach le haghaidh conarthaí díorthach malairte eachtraí neamh-imréitithe;

(e) EUR 4 bhilliún i gcomh-oll-luach barúlach díorthach tráchtearraí thar an gcuntar neamh-imréitithe agus conarthaí díorthach lamháltas astaíochtaí thar an gcuntar.

Airteagal 11b

(Airteagal 10(4), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012)

Sásraí lena spreagtar athbhreithniú ar luachanna na dtairseach imréitigh

Déanfaidh ÚEUM measúnú, uair sa bhliain ar a laghad, ar éabhlóid na dtáscairí seo a leanas:

(a) praghsanna ionstraimí foluiteacha aon cheann de na haicmí díorthach thar an gcuntar seo a leanas:

(i) díorthaigh chreidmheasa thar an gcuntar;

(ii) díorthaigh chothromais thar an gcuntar;

(iii) díorthaigh ráta úis thar an gcuntar;

(iv) díorthaigh malairte eachtraí thar an gcuntar;

(v) díorthaigh tráchtearraí thar an gcuntar;

(vi) díorthaigh lamháltas astaíochtaí thar an gcuntar;

(b) luaineacht praghsanna ionstraimí foluiteacha gach aicme díorthach thar an gcuntar dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) cion na n-idirbheart díorthach thar an gcuntar, in aghaidh gach aicme díorthach thar an gcuntar dá dtagraítear i bpointe (a), a imréitítear;

(d) cion na n-eintiteas a imréitíonn a n-idirbhearta díorthach thar an gcuntar;

(e) na rátaí boilscithe ábhartha;

(f) na dálaí airgeadais domhanda;

(g) na héiginnteachtaí a bhaineann leis an mbeartas geopholaitiúil agus eacnamaíoch.

I gcás ina sainaithníonn ÚEUM athruithe suntasacha ar na táscairí dá dtagraítear i bpointí (a) go (g), tionscnóidh sé athbhreithniú ar na tairseacha imréitigh dá dtagraítear in Airteagal 11 agus Airteagal 11a i gcomhréir le hAirteagal 10(4a) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.'.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN